# Sraith 4: Robáil Bainc

**Achoimre:**
Tá tuairisc sna pictiúir seo ar eachtra a bhain do bheirt chailíní a chuaigh ar thuras lae go Baile Átha Cliath. Chonaic siad banc á robáil ag beirt ghadaithe a raibh gunnaí acu agus chuir siad fios ar na gardaí. Gabhadh na gadaithe.

**Pictiúr 1** : **Bhí Áine sa bhaile agus gan tada le déanamh aici. Fuair sí téacs-theachtaireacht óna cara, Síle.**

Bhí Áine sa bhaile agus gan tada le déanamh aici. D'ól sí cupán tae. Is léir ó na cófraí feistithe atá crochta go hard ar an mballa gur sa chistin atá sí. Tá crocaí salainn is piobair le feiceáil ar bharr na gcófraí mar aon le hiarann smúdála nó túlán (citeal) leictreach. Pracar is dócha. Fuair Áine téacs-theachtaireacht óna cara, Síle. D'fhiafraigh Síle d'Áine ar mhaith léi dul ag siopadóireacht léi sa chathair ó tharla go raibh lá saor ag an mbeirt acu. Níor ghá an cheist a chur an dara huair. Rachadh Áine go Baile Átha Cliath ar shnáth síoda.

**Ceisteanna:**

- Cad atá á dhéanamh ag an gcailín sa chéad phictiúr?
- Cén seomra ina bhfuil sí? Cá bhfios duit?
- Inis faoin teachtaireacht a fuair sí.

**Pictiúr 2** : **Chuaigh siad beirt go dtí stáisiún na traenach.**

Chuaigh siad go dtí stáisiún na traenach. Bhí oifig na dticéad ar Ardán 2. Cheannaigh siad dhá thicéad fillte go Baile Átha Cliath. Ní raibh mórán daoine ann. Bhí seanbhean ina suí ag feitheamh ar an traein. Tar éis tamaill, tháinig an traein. Ceann úrnua ab ea í agus bhí sí go hálainn. Bhí an lá go breá brothallach. Ní raibh scamall sa spéir agus bhí an ghrian ag taitneamh.

**Ceisteanna:**

- Cén chaoi ar thaistil siad go Baile Átha Cliath?
- An raibh mórán daoine ag an stáisiún?
- Cén sórt aimsire a bhí ann?

**Pictiúr 3a** : **Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach.**

Níorbh fhada gur shroich siad lár na cathrach. Shiúil siad suas Sráid Uí Chonaill agus iad ag breathnú ar fhuinneoga na siopaí móra. Na siopaí éadaí agus na seodóirí ach go háirithe. Chonaic siad dealbh Dhónaill Uí Chonaill, "An Fuascailteoir", (1775-1847), thíos ag bun na sráide. Thuas in aice le hArd-Oifig an Phoist bhi an Spuaic ag treá na spéire. Séadchomhartha é sin atá le feiceáil ó gach uile chearn den chathair. Bíonn solas lasta ar a bharr istoíche. D'inis Áine do Shíle go raibh an Spuaic trí chéad is a nócha a hocht (398 ) troigh ar airde. Bhí an tsráid plódaithe le daoine.

**Ceisteanna:**

- Cá ndeachaigh siad nuair a shroich siad a gceann scríbe?
- Cad iad na séadchomharthaí a chonaic siad i lár na cathrach?
- An raibh mórán daoine ann?

**Pictiúr 3b: Um thráthnóna, bhí siad ag siúl ar an gcosán os comhair Banc na hÉireann nuair a thárla an eachtra.**

Um thráthnóna, agus an ghrian ag dul faoi, bhí an bheirt chailíní ag siúl ar an gcosán os comhair Banc na hÉireann. [Foirgneamh dhá urlár a bhí ann. Bhí ceithre cinn d'fhuinneoga thuas staighre agus trí cinn thíos.] Aisteach go leor ní raibh duine ná deoraí ag dul thar bráid ach iad féin amháin.

**Pictiúr 4a: Chonaic siad beirt ghadaithe ag rith amach doras an bhainc.**

Go tobann, chuala siad béicíl agus bagairt. Chonaic siad beirt fhear ag rith amach as an mbanc agus gunnaí ina lámha acu Bhí púicín ag clúdach a n-aghaidh chun nach n-aithneodh aon duine iad. Bhí málaí móra airgid á n-iompar acu. Níor chuir siad suntas ar bith sna cailíní.

**Pictiúr 4b: Chuir Síle fios ar na gardaí.**

Cé go raibh siad scanraithe, agus faitíos a n-anma orthu, bhí a fhios acu ceard ba cheart a dhéanamh. Thóg Síle amach a fón póca go díscréideach agus chuir sí fios ar na gardaí.

**Ceisteanna (3b, 4a, 4b):**

- Cén sórt árais a bhí ag Banc na hÉireann?
- Cé a tháinig amach as an mbanc?
- Cén chaoi a raibh siad gléasta?
- Cén fáth a raibh feisteas mar sin orthu?
- Céard a rinne duine de na cailíní?

**Pictiúr 5a : Rinne na gadaithe iarracht éalú i gcarr ach chuir na gardaí a gcarr féin rompu mar bhac tráchta.**

Léim na bithiúnaigh isteach i gcárr éalaithe a bhí páirceáilte acu os comhair an bhainc ach sula raibh seans acu imeacht tháinig carr na ngardaí os a gcomhair mar bhac tráchta. D'oscail na bithiúnaigh fuinneog, shín gunna amach agus thosaigh ag lámhach is ag scaoileadh rois piléar leis na gardaí. Ba é deonú Dé é nár maraíodh duine acu. Bhí an t-ádh ar na gardaí go raibh veist piléardhíonach á caitheamh acu. Nuair a bhí an t-urchar deiridh caite ag na gadaithe b'éigean dóibh géilleadh.

**Pictiúr 5b: Rug na gardaí ar na gadaithe.**

Níor mhair an cath ró-fhada. Ba ghearr go raibh na piléir go léir caite ag na gadaithe agus go raibh siad gan armlón. Léim na gardaí amach as a gcárr féin. Rug siad ar na gadaithe, ghabh siad iad agus chuir siad glais láimhe orthu. Fuair siad an t-airgead go léir a goideadh ón mbanc.

**Ceisteanna:**

- Cén plean a bhí ag na gadaithe chun éalú?
- Conas a cuireadh stop leo?
- Cad a tharla nuair a bhí armlón na ngadaithe ídithe?

**Pictiúr 6a: Ghabh na gardaí buíochas leis na cailíní.**

Thréaslaigh na gardaí a misneach leis na cailíní. Ghabh siad buíochas leo agus chraith siad lámh leo. D'inis siad dóibh go n-iarrfaí orthu bheith ina bhfinnéithe ar ball sa chúirt. Chaithfidis fianaise a thabhairt in aghaidh na ngadaithe. Ní raibh siad ró-shásta leis sin ach thoiligh siad é a dhéanamh.

**Pictiúr 6b: Tugadh na gadaithe os comhair cúirte.**

Cúpla seachtain ina dhiaidh sin tugadh na gadaithe os comhair cúirte. Nuair a chuala an breitheamh fianaise na ngardaí agus na gcailíní thug sé a bhreithiúnas ar an toirt. Bhí na buachaillí seo ciontach i ngadaíocht agus ghearr sé pionós orthu. Bhí na buachaillí scanraithe roimh an mbreitheamh mar fear aosta ab ea é, aghaidh fheargach air, agus peiriúic (bréagfholt) ar a cheann aige. Bhuail sé casúr ar an gclár os a chomhair (mar a dhéanfadh ceantálaí) nuair a thug sé a bhreith. B'shin deireadh leis an gcás.

**Ceisteanna:**

- Céard a dúirt na gardaí leis na cailíní?
- Cén fáth ar iarr siad orthu teacht i láthair na cúirte nuair a bheadh an cás á phlé?
- Cad a tharla lá na cúirte?